# Cruthanna 2T & 3T

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – cruthanna 2T, cruthanna 3T<br>Láimhseáil Sonraí – sórtáil<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• obair s'acu a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe, ag úsáid siombailí mar is cuí<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• modh oibre s'acu a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | teanga bainteach le cruth 2T agus 3T, m.sh. coirnéil, aghaidh, taobhanna, rinn, faobhair, critéar, critéir, Léaráid Venn, Léaráid Carroll, crann cinnteoireachta, sórtáil, airíonna |
| **Áiseanna** | bloic thréithe, cruthanna 2T & 3T, fonsaí sórtála, Léaráidí Carroll agus Venn lannaithe |

# Cruthanna 2T & 3T

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Déanann an ghníomhaíocht seo forbairt ar réamheolas agus ar réamhthaithí de léaráidí Carroll agus Venn, agus de chrainn chinnteoireachta. Athbhreithnigh ainmneacha agus airíonna na gcruthanna 2T agus 3T agus na critéir dhifriúla lena sórtáil. Pléigh na léaráidí difriúla atá in úsáid le sórtáil a dhéanamh agus na dóigheanna éagsúla ar úsáideadh iad.

### 1 Gníomhaíocht 1

Sórtálann na daltaí cruthanna 2T le Léaráidí Venn nó Carroll nó le crann cinnteoireachta. Pléann siad na cruthanna agus an fáth ar shórtáil siad iad ar an dóigh seo. Mar shampla, iad siúd a bhfuil slios curtha orthu agus iad siúd nach bhfuil. Tabhair isteach an dara critéar sórtála. Mar shampla, dath sa dóigh go dtig le daltaí cruthanna a bhfuil taobhanna cuartha orthu agus atá dearg a shórtáil. Ansin, smaoiníonn daltaí ar a gcuid critéar féin leis na cruthanna a shórtáil agus roghnaíonn siad a léaráid féin ón Uirlis Sórtála Mol Mata, más mian leo.

### 2 Gníomhaíocht 2

Sórtálann na daltaí cruthanna 3T agus Léaráid Carroll nó Venn nó crann cinnteoireachta in úsáid acu. Pléann siad na cruthanna agus an fáth ar shórtáil siad ar an dóigh seo. Mar shampla, iad siúd a bhfuil aghaidh chuartha orthu agus iad siúd nach bhfuil. Tabhair isteach an dara critéar sórtála. Mar shampla, cruthanna a bhfuil rinn orthu. Ansin, smaoiníonn daltaí ar a gcuid critéar féin leis na cruthanna a shórtáil agus roghnaíonn siad a léaráid féin ón Uirlis Sórtála Mol Mata, más mian leo.

### 3 Gníomhaíocht 3

Sórtálann daltaí réimse dá gcruthanna féin, 2T agus 3T san áireamh. Ansin, socraíonn siad ar a gcuid critéar féin leis na cruthanna a shórtáil agus lena léiriú ar léaráid dá rogha féin. Pléann siad an dóigh ar shórtáil siad a gcruthanna le comhscoláire, nó cuireann siad seo i láthair don chuid eile den rang. (Smaoinigh, Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt)

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad taobh atá ar ...?<br>• Cá mhéad faobhar atá ar...?<br>• An féidir an cruth seo a rolladh?<br>• Cé acu cruth a bhfuil an líon is lú reann/ faobhar/aghaidheanna air? | • Déan cur síos ar an dóigh ar féidir leat na cruthanna seo a shórtáil.<br>• Cad chuige ar shórtáil tú do chruthanna ar an dóigh seo?<br>• Cad é a d'fhoghlaim tú faoi chruthanna?<br>• Cad chuige ar roghnaigh tú na critéir shórtála seo?<br>• An critéir shórtala chuí é ______? Cad chuige a síleann tú sin? (critéar nach bhfuil fóirsteanach cruthanna a shórtáil) |

## Difreáil

Socraigh líon na gcruthanna agus/nó critéir shórtála de réir thuiscint na ndaltaí.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.